Polasaí Theagmhais Chriticúla

Choláiste Árainn Mhóir

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Árainn Mhóir sláinte na daltaí a chosaint trí thimpeallacht shábháilte chothaitheach a chur ar fáil dóibh i gcónaí.

Tá beartais tógtha ag Coláiste Árainn Mhóir chun éiteas thacúil a chur ar fáil do na daltaí. Tá roinnt polasaithe agus nósanna imeachta curtha le chéile ag an choláiste a chaithfear a leanúint chun sábháilteacht fisiciúil agus shíceolaíocht na foirne agus na ndaltaí a chosaint aon am agus i gcás theagmhais chriticúla ach go háirithe.

Sainmhíniú Theagmhais Chriticúla

Dár le Coláiste Árainn Mhóir is ionann teagmhas chriticiúil agus eachtra nó sraith eachtraí a threascraíonn gnáth/chóras tacaíochta an choláiste agus a chuireann isteach ar feidhmiú an choláiste.D'fhéadfadh go mbeadh baint ag dalta, ag fostaí scoile, ag tuismitheoir nó ag duine ón phobal áitúil le teagmhas chriticiúil.

I measc na dteagmhais a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá:

- Bás bhaill de phobal an choláiste trí bhás tobann trí thimpiste,trí thinneas marfach nó trí féin mharú
- Ionsaí/briseadh isteach ar an choláiste.
- Ionsaí fisiciúl ar dhalta nó ar bhall den fhoireann
- Imeacht bhaill de phobal an choláiste gan táisc gan tuairisc
- Timpiste ina raibh baill de phobal an choláiste páirteach ann

Aidhm

Tuigeann Coláiste Árainn Mhóir an tábhacht a bhaineann le pleanáil maidir le bainisíocht a dhéanamh ar theagmhais ghéibheannacha agus is mar gheall air sin go bhfuil Polasaí agus Plean Bhainistíochta ar theagmhas ghéibheannach curtha le chéile ag an choláiste. Tá súil againn go gcuideoidh an Polasaí agus an plean leis an fhoireann gníomhú go gasta agus go héifeachtach i gcás an theagmhais agus go naireoidís go mbeadh smacht acu ar chúrsaí. Ba chóir go gcabhródh an polasaí agus an plean leis an choláiste filleadh ar a ghnáth bhealaí chomh luath agus is féidir é agus go ndéanfaidís teorannú thionchair an theagmhais ar na daltaí agus ar an fhoireann.

Éiteas chúraim agus thacúil a chruthú sa choláiste

Tá córas leagtha amach againn chun laghdú a dhéanamh ar tharlú theagmhais. Ina measc siúd tá beartais ann chun díriú ar shábháilteacht fisiciúil agus shíceolaíocht na foirne agus dhaltaí.

Sábháilteacht Fhisiciúil / Beartais Sheachanta

Cf. ***Polasaí Sábháilteachta Choláiste Árainn Mhóir agus Polasaí Leighis agus Tinnis***

- Plean Éalaithe.
- Cleachtaítear druil thine go rialta
- Maoirseacht rialta,roimh, i rith agus tar éis am scoile
- Maoirseacht rialta sna tithe
- Is féidir doirse na scoile a oscailt ón taobh istigh.
- Cód Iompair
- Polasaí Frith Bhulaíochta

Sábháilteacht Shíceolaíoch.

Tá sé mar aidhm ag Coláiste Árainn Mhóir timpeallacht oscailte spreagúil a chothú sa choláiste inár féidir le daltaí labhairt faoi na deacrachtaí atá acu, agus cabhair a iarraidh lena naghaidh. Bíonn an fhoireann go léir idir múinteoirí, cinnirí agus mná tithe ar fáil agus toilteannach chun tacaíocht a thabhairt do na daltaí.

Foireann Bainistíochta Theagmhais Chriticúla

Ta Foireann Bainistíochta Theagmhais Chriticúla bunaithe ag Choláiste Árainn Mhóir de réir dheá-chleachtais ar bhunús bhun seasamhach. Roghnaíodh baill na foirne ar bhonn deonach agus fanfaidh siad ina rólanna ar feadh bhliain amháin ar a laghad. Beidh cruinniú ag na baill uair in aghaidh na bliana chun an plean a athbhreithniú agus chun é a thabhairt suas chun dáta.

Rólanna

Ceannaire na Foirne: Manus Ó Luathairí

Ceannaire Chaidrimh Foirne: Manus Ó Luathairí

Ceannaire Chaidreamh Daltaí: Nollaig Mac Eachráin, Manus Ó Luathairí

Ceannaire Chaidreamh Tuismitheóirí/ Caomhnóirí: Manus Ó Luathairí, Síle Uí Luathairí

Ceannaire Chaidreamh Pobail: Manus Ó Luathairí, Nollaig Mac Eachráin

Ceannaire Chaidreamh leis na Meáin Cumarsáide: Manus Ó Luathairí, Nollaig Mac Eachráin

Ceannaire Riaracháin: Síle Uí Luathairí

Seo iad freagrachtaí a bhaineann le gach ról i gcás theaghmhais chriticúla/ghéibheannaigh. Múna bhfuil fáil ar Mhanus Ó Luathairí mar cheannaire foirne beidh Nollaig Mac Eachráin ina áit.

Ceannaire Foirne.

- Cuireann sé baill na foirne ar an eolas go bhfuil géarchéim ann agus eagraíonn sé cruinniú.
- Tascanna na foirne a chomhordanú
- Teagmháil leis an Choiste agus Roinn na Gaeltachta
- Teagmháil le clann an mhairbh.

Ceannaire Chaidreamh Foirne

- Freagrach as cruinnithe leis an bhfoireann a chur ar an eolas faoi fíricí an eachtra agus a thugann deis do bhaill na foirne a gcuid mothúcháin a chur in iúl agus a leagann amach clár an lae.
- Treoir a tabhairt do bhaill eile na foirne faoi dhaltaí leochaileacha.
- Airdeallach maidir le baill foirne leochaileacha agus a dhéanann teagmháil leo ar bhonn aonair.

Ceannaire Chaidreamh Daltaí

- Caidreamh a dhéanamh le baill foirne eile le hiad a choinneáil suas chun data maidir le heolas agus dul chun cinn.
- Aird baill a tharraingt ar dhaltaí leochaileacha.

Ceannaire Chaidreamh Pobail

- Caidreamh le heagrais i measc an phobail chun tacaíocht agus breis cabhrach a thabhairt.
- Baill foirne a thabhairt suas go dáta maidir le tionchur na neagras seachtarach.
- Comhordanú ar ionchur na neagras seachtárach.
- Liostaí teagmhála a choinneáil suas chun dáta de baill de sheirbhísí éigeandálacha tacaíochta agus teagmhálacha agus acmhainní seachtaracha.

Ceannaire Chaidreamh Tuismitheóirí/Caomhnóirí

- Cruinnithe “ceisteanna agus freagraí” a reáchtáil.
- Bualadh le tuismitheóirí aonair.
- Cuairt ar mhuintir an mhairbh leis an cheannaire foirne.

Ceannaire Caidrimh leis na MeáinCumarsáide

- Mar ullmhúchán don ról ní mór machnamh a dhéanamh ar rudaí a d’fhéadfadh tarlú le linn eachtra agus na bealaí a d’fhéadfaí freagairt a dhéanamh orthu msh, daltaí a chur faoi agallamh, grianghrafadóirí ar an suíomh srl.

Ceannaire Riaracháin

- Liosta d’uimhreacha na ndreamanna seo a leanas a choimeád suas chun data Tuismitheóirí/Caomhnóirí /Múinteoirí/ fostaithe eile de chuid an choláiste.
- Seirbhís tacaíochta éigeandála.
- Eagrais sheachtracha.
- Eolas thacaíocht éigeandála do thurais scoile agus imeachtaí scoile.
- Freagairt guthán, litreacha, ábhair le fótachóipeáil.

Nósanna Imeachta Nach Mór a Leanúint Dá dtarlódh Teagmhas Criticiúil

Seo leanas na gníomhartha **gearr théarmacha** a leanfar má tharlaíonn teagmhas criticiúil:

1)Baileofar eolas cruinn
2) Déanfar teagmháil le gníomhaireachtaí cuí (Seirbhísí éigeandála agus leighis. NEPS, An Coiste, An Roinn, Na Gardaí, HSE)
3) Beidh cruinniú idir na príomh bhaill foirne agus an fhoireann bainistíochta do theagmhais chriticiúla
4) Tionólfar cruinniú foirne
5) Eagrófar tráthchlár don lá
6) Coimeádfar rudaí mar is gnách chomh fada agus is féidir.
7) Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas
8) Cuirfear daltaí ar an eolas
9) Déanfar teagmháil leis an teaghlach atá faoi mhéala
10) Ullmhófar ráiteas scríofa: fíricí maidir leis an teagmhas, cad atá déanta cheana féin, cad a dhéanfar, eolas dearfach faoin duine atá básaithe.
11)Ainmneofar duine chun labhairt leis na meáin, más gá. Coinneofar daltaí ar shiúl ó na meáin.
12) Socraigh teacht le chéile daltaí lena dtuismitheoirí, más gá

Seo leanas na gníomhartha **meán téarmacha** a leanfar:

1)Déanfar athbhreithniú iomlán
2) Eagrófar tacaíocht do dhaltaí aonair, do ghrúpaí de dhaltaí agus do thuismitheoirí más gá

3) Déanfar plean chun daltaí a thógáil le chéile arís
4) Tabharfar cuairt orthu siúd a gortaíodh
5) Déanfar teagmháil leis an teaghlach maidir le socraithe sochraide
6) Déanfar cinntí faoi rannpháirtíocht sa sochraid

Seo leanas na gníomhartha **fadtéarmacha** a leanfar:

1) Déanfar monatóireacht i gcomhair leis an bhfoireann Chúram ar dhaltaí chun comharthaí a aithint.
2) Déanfar cinneadh ar bhealaí oiriúnacha chun déileáil le cothrom lae an teagmhais.
3) Déanfar cinnte go bhfuil achán nduine atá i láthair na scoile ar an eolas faoin bpolasaí seo.
4) Iarrfar tacaíocht ón Roinn Oideachas agus ón HSE maidir le tacaíocht a bheith curtha ar fáil do phobal an choláiste.
5) Ní cheadófar duine ar bith labhairt leis na meáin cumarsáide gan comhairle a ghlacadh ón choiste.

Coinneal Taifead.
Coinneoidh gach ball den bhfoireann mionthaifead de ghlaonna gutháin curtha agus glactha litreacha seolta agus glactha de chruinnithe, de dhaoine ar bualadh leo, de straitéis idirghabhálacha ar úsáideadh, ábhar a úsáideadh srl.

Liosta Teagmhála Géarchéime
Le cur suas ar Chlár na bhFógraí sa Seomra Foirne.

Gníomhaire	Uimhir Theagmhála
Garda	An Clochán Liath (074)9521000 Na Gleanntaí (074)959551080 Baile na nGallóglach (074)9153114
Briogáid Dóiteán	999 nó 112
Ospidéal	Leitir Ceanainn: (074)9125888
Dochtúirí	Arainn Mhór 0749520535 Now Doc Gaothdobhair 1850 400 911 Now Doc Leitir Ceanainn 1850 400 911. 999 nó 112
Department of Public Health	Department of Public Health Health Service Executive **Tel:** (071) 9852900
Air sea Rescue Coastguard Malin Head	112 or 999 Ask for Coastguard 0749370103
Síceolaí NEPS	Head office 01 8892700 01 8650878
Túsla:	074 9123672
An Sagart Paróiste	An tAthair Pat Mac an Bhaird 0862300620
Bád Tarrthala	999 nó 0749520123

Uimhreacha Teangmhála Fiúntacha.

Barnardos	B.S.O.4520666 / 4425099
The Samaritans	1850 609090
Childline	1800 666666
Parentline	1890 927277
Aware	6766166 1890 303302
Console Féin Mharú	02495561 1800 201890